## Na Téarmaí agus Coinníollacha a bhaineann leis an Scéim Dochair Dhírigh Sheasta SEPA a úsáid, ar áis é le haghaidh an mhéid seo:

- Fostóirí a íocann Cáin Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra
- Gnóthaí a íocann CBL
- Réamhcháin Ioncaim a íoc

## Tabhair do d'aire más mian leat do Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) a íoc le Dochar Díreach míosúil, ba chóir logáil isteach ar www.revenue.ie, Cáin Mhaoine Áitiúil a roghnú agus do mhodh íocaíochta a shocrú suas ach úsáid a bhaint as d'Uimhir PSP, d'Aitheantas Maoine agus do UAP Slán.

- Tá na Rialacha agus Rialacháin maidir le hairgead a bhailiú de bhun Dochar Díreach SEPA á rialú ag Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann, agus féadtar teacht ar an suíomh idirlín ag **www.bpfi.ie**
- Tabhair do d'aire an **Téacs Dlíthiúil** a chuirtear ar fáil don iarratas ar líne.
- Lamháltas ó na Coimisinéirí Ioncaim is ea rannpháirtíocht sa Scéim Dochair Dhírigh Sheasta SEPA agus féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh air agus é a tharraingt siar.

## Dualgais cáiníocóirí nuair atá CBL, Cáin Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra á íoc le Dochar Díreach Seasta SEPA

- Tá an áis Dochair Dhírigh Sheasta SEPA teoranta do chustaiméirí a bhfuil dliteanais dhé-mhíosúla CBL suas le €50,000 acu agus dliteanais mhíosúla Cánach Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra suas le €25,000 acu, is é sin dliteanas bliantúil CBL agus Cánach Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra suas le €300,000 i leith gach ceannteideal cánach.
- Déanfar asbhaintí ó do chuntas bainc ar an tríú lá oibre deireanach den mhí.
- Go ginearálta, ní mheasfar go bhfuil aon chustaiméir, nach bhfuil suas chun dáta lena chuid/cuid tuairisceán cánach nó íocaíochtaí, oiriúnach le haghaidh na scéime Dochair Dhírigh Sheasta SEPA.
- Maidir le CBL, nuair a bhaineann custaiméir leas as an scéim Dochair Dhírigh Sheasta SEPA, eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim tuairisceán don tréimhse a thosaigh siad ar an scéim go dtí deireadh na bliana cuntasaíochta CBL agus go bliantúil dá éis sin. Ní mór gach tuairisceán CBL a eisítear le linn a bheith ar an scéim Dochair Dhírigh, a thíolacadh faoin dáta dlite. Sa chás nach dtíolactar tuairisceáin, déanfar meastacháin ar dhliteanais chánach, agus leanfar leis an mbailiú ag úsáid forfheidhmiú nuair is gá. Féadfar lamháltas na gCoimisinéirí Ioncaim chun cánacha reatha a íoc le Dochar Díreach a tharraingt siar.
- I gcás Cánach Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra, tá dualgas ar an uile chustaiméir pá agus asbhaintí fostaithe a thuairisciú de réir mar a íoctar iad. Eisíonn na Coimisinéirí Ioncaim ráiteas míosúil ansin ina dtugtar achoimre ar an dliteanas iomlán. Measfar an ráiteas a bheith ina thuairisceán mura ndéanann an fostóir leasuithe ná ceartúcháin roimh dháta dlite an tuairisceáin.
- Sa chás nach dtíolactar tuairisceáin, déanfar meastacháin ar dhliteanais chánach, agus leanfar leis an mbailiú ag úsáid forfheidhmiú nuair is gá. Féadfar lamháltas na gCoimisinéirí Ioncaim chun cánacha reatha a íoc le Dochar Díreach Seasta a tharraingt siar.



Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

- Maidir le Cáin Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra, ba chóir duit a chinntiú gur leor d'íocaíochtaí Dochair Dhírigh Sheasta chun do dhliteanais fhoriomlána bhliantúla a chlúdach. Nuair is gá, ba chóir duit suimeanna na n-íocaíochtaí Dochair Dhírigh Sheasta a choigeartú chun é seo a bhaint amach. Go ginearálta, ba chóir gurb ionann suim na híocaíochta míosúla seasta agus thart ar aon dódhéagú den dliteanas bliantúil.
- Sa chás go bhfuil an íocaíocht ró-íseal, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an chéad íocaíocht dochair dhírigh eile a leithdháileadh i leith na tréimhse. Sa chás go bhfuil an íocaíocht ró-ard, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an íocaíocht a dhíriú chuig aon ghearríocaíochtaí i dtréimhse sa bhliain chuí.
- Sa chás go n-íoctar suimeanna neamhleora trí Dhochar Díreach Seasta agus go bhfuil iarmhéid cánach iníoctha ag deireadh na bliana cuntasaíochta, beidh ús iníoctha mura n-íoctar an tsuim faoin dáta dlite. Chomh maith leis sin, má sháraíonn an tsuim dhlite
  - ➢ 20% den dliteanas CBL bliantúil

    nó
  - ➢ 10% den dliteanas bliantúil Cánach Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra

## Maidir le CBL, déanfar an t-ús a shiardhátú go dtí lárphointe na bliana cuntasaíochta.

- Déantar íocaíochtaí Dochair Dhírigh i riaráistí, mar shampla baineann íocaíochtaí a dhéantar i mí Feabhra leis an bhfiachas cánach do mhí Eanáir.
- Socraítear suim d'íocaíochta Dochair Dhírigh de réir an dliteanais bhliantúil mheasta a thugann tú.
  Tá laghduithe ar an dliteanas bliantúil measta teoranta do thrí cinn in aghaidh na tréimhse bliantúla i leith CBL agus trí cinn in aghaidh na bliana féilire i leith Cáin Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra.
- Sa chás nach gcomhlíontar íocaíocht, déanfar athbhreithniú ar do rannpháirtíocht sa scéim agus féadfar lamháltas na gCoimisinéirí Ioncaim chun ligean duit íoc le Dochar Díreach Seasta a tharraingt siar.

## Dualgais cáiníocóirí nuair atá Réamhcháin Ioncaim á íoc de bhun Dochar Díreach Seasta SEPA

- Ach do Réamhcháin Ioncaim a íoc le Dochar Díreach Seasta, cuirtear ar do chumas an íocaíochta a roinnt thar na bliana féilire ina bhfuil an cháin dlite ina leith, in ionad íocaíocht amháin a dhéanamh roimh an 31 Deireadh Fómhair. Tá síneadh ama thart ar dhá sheachtain curtha leis an dáta tíolactha [lár mhí na Samhna] do chustaiméirí a íocann agus a thíolacann a dtuairisceán Cánach Ioncaim ar ROS.
- Más é seo do chéad uair chun leas a bhaint as an scéim Dochair Dhírigh Sheasta SEPA i leith Réamhcháin Ioncaim, ní mór duit trí íocaíocht ar a laghad a dhéanamh sa chéad bhliain. Féadfaidh tú a bheith páirteach le haghaidh asbhaint mhí Dheireadh Fómhair, mhí na Samhna agus mhí na Nollag agus na híocaíochtaí sin a úsáid chun do dhliteanas Réamhchánach Ioncaim don bhliain sin a chomhlíonadh. Sna cúinsí seo ba chóir duit d'iarratas ar líne a dhéanamh roimh dheireadh mhí Mheán Fómhair le cinntiú go ndéanfar do chéad asbhaint i mí Dheireadh Fómhair.
- Sa dara bliain agus sna blianta dá éis sin, ní mór an íocaíocht Réamhchánach Ioncaim a dhéanamh in ocht gcinn nó níos mó d'íocaíochtaí Dochair Dhírigh míosúla.
- Cuirfear gach asbhaint (lena n-áirítear na Dochair Dhíreacha i leith mhí na Samhna agus mhí na Nollag) i gcoinne do dhliteanas Réamhchánach Ioncaim don bhliain reatha.
- Bainfear asbhaintí i leith Réamhcháin Ioncaim ó do chuntas bainc ar an naoú lá de gach mí nó ar an gcéad lá oibre eile.

- Ní mór do thuairisceán ioncaim agus aon íocaíocht chothromaíochta don bhliain mheasúnaithe reatha a thíolacadh roimh an 31 Deireadh Fómhair den bhliain dár gcionn, nó ar an dáta sin, is cuma an modh íocaíochta atá i gceist. Tá síneadh ama thart ar dhá sheachtain curtha leis an dáta tíolactha [lár mhí na Samhna] do chustaiméirí a íocann agus a thíolacann a dtuairisceán Cánach Ioncaim ar ROS.
- Tá an riachtanas chun do dhliteanas Réamhchánach Ioncaim a chomhlíonadh mar an gcéanna is cuma líon na n-íocaíochtaí nó cén uair a thosaíonn tú an scéim. Gearrfar muirear úis ort sa ghnáthbhealach má loiceann tú do dhóthain Réamhchánach Ioncaim a íoc.
- Chun muirir úis a sheachaint, ní mór an íocaíocht Réamhchánach Ioncaim a bheith ar a laghad:
  - ➢ 90% de dhliteanas cánach deiridh don bhliain mheasúnaithe reatha, nó
  - ➢ 100% de dhliteanas cánach na bliana measúnaithe roimhe, nó
  - ➢ 105% den cháin atá dlite don bhliain roimhe sin arís d'íocóirí Dochair Dhírigh SEPA amháin. (Níl an rogha seo ar fáil sa chás ina raibh an cháin iníoctha don bhliain roimh sin arís cothrom le náid).
- Sa chás nach gcomhlíontar íocaíocht, déanfar athbhreithniú ar do rannpháirtíocht sa scéim agus féadfar an lamháltas chun íoc le Dochar Díreach Seasta a tharraingt siar.

**Téacs Dlíthiúil:** De bhun an fhoirm seo um shainordú a shíniú, údaraíonn tú do (A) na Coimisinéirí Ioncaim treoracha a sheoladh chuig do bhanc chun airgead a bhaint as do chuntas agus (B) do do bhanc chun airgead a bhaint as do chuntas de réir na dtreoracha ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Mar chuid de do chearta, tá tú i dteideal aisíocaíocht a fháil ó do bhanc faoi théarmaí agus coinníollacha do chomhaontaithe le do bhanc. Ní mór aisíocaíocht a éileamh taobh istigh de hocht seachtaine ag tosú ón dáta óna mbaintear airgead as do chuntas. Tá míniú ar do chearta i ráiteas a fhéadtar a fháil ó do bhanc.